

Comhthéacs Beartais

Ní rud é cothroime rochtana ar acmhainní geilleagracha a bhaineann le neamhspleáchas geilleagrach na mban amháin ach aithníodh le fada gur réamhriachtanas í le haghaidh fás eacnamaíochta, rathúnais agus acmhainn iomaíochta. Tá sé ríthábhachtach go spreagtar rannpháirtíocht ban i margadh an tsaothair ar mhaithe leis an olltáirgeacht intíre (OTI), le fás eacnamaíochta agus rud is leithne ná sin chun a áirithiú go mbaineann AE lánúsáid as an tallann atá ar fáil agus as acmhainní daonna.

An Straitéis Eoraip 2020

- Leagann sí béim ar “gheilleagar ardfhostaíochta” agus a sprioc ceannlíne “an ráta fostaíochta do mhná agus d’fhir idir 20 agus 64 bliain d’aois a ardú go dtí 75 %”.
- D’fhonn an sprioc sin a bhaint amach, thug an Straitéis tionscnamh suaitheanta isteach, Clár oibre le haghaidh scileanna agus poist nua (2010), a mholann sraith beart chun fás cuimsitheach a threisiú, lena dtacaíonn bearta a ndíríonn cuid díobh ar na mná.
- Moltaí saintíre ba chóir do Bhallstáit a chur san áireamh ina mbeartais eacnamaíochta, fostaíochta agus sóisialta a uchtaíonn an Coimisiún Eorpach gach bliain.

Treoir um Shaoire Thuismitheoireachta (Treoir ón gComhairle 2010/18/AE)

- Áirítear sna hathruithe a tugadh isteach in 2010: saoire níos faide, bearta le haghaidh tuismitheoirí uchtála agus tuismitheoirí a bhfuil páistí acu atá faoi mhíchumas.
- Tugann sí spreagadh breise d’aithreacha saoire thuismitheoireachta a ghlacadh

Treoir ar chur i bhfeidhm an phrionsabail um chóir chomhionann idir fir agus mná atá páirteach i ngníomhaíocht ar bith i gcáil féinfhostaithe (2010/41):

- In ionad Threoir 86/613/CEE arbh í an chéad Treoir í ar liúntas máithreachais d’oibríthe féinfhostaithe agus a gcéilí nó a bpáirtithe saoil.
- Cuimsíonn sí anois na hoibríthe féinfhostaithe uile agus a bpáirtithe, agus tugann sí isteach bearta eile chun leithcheal agus ciapadh a chosc orthu siúd atá féinfhostaithe agus cuireann sí i bhfeidhm an prionsabal um chóir chothrom ar bhonn gnéis.

Cuspóirí straitéiseacha BPfA agus táscairí an Aontais Eorpaigh:

- F.1.** Cearta eacnamaíochta agus neamhspleáchais na mban a chur chun cinn, lena náirítear rochtain ar fhostaíocht, dálaí cuí oibre agus smacht ar acmhainní geilleagracha.
- F.2.** Cothroime rochtana na mban ar acmhainní, fostaíocht, margaí agus trádáil a éascú.
- F.3.** Seirbhísí gnó, oiliúint agus rochtain ar mhargaí a sholáthar, faisnéis agus teicneolaíocht, go háirithe do mhná ar ioncam íseal.
- F.4.** Cumas eacnamaíoch agus gréasáin tráchtála ban a neartú.
- F.5.** Deighilt fostaíochta agus gach saghas idirdhealaithe san obair a dhíothú.
- F.6.** Comhchuibhiú oibre agus freagrachtaí teaghligh a chur chun cinn do mhná agus fir.

Tá mná agus an geilleagar ar na réimsí is forbartha de BpFa. In 2008 agus 2011, dhírigh an Chomhairle ar cheisteanna a bhain le cothromaíocht oibre is saol, agus ar neamhionannais pá idir mná agus fir in 2010. Bheartaigh Uachtaránacht na Gréige in 2014 ar athbhreithniú a dhéanamh ar an chéad chuspóir straitéiseach le cearta eacnamaíochta agus neamhspleáchas ban a chur chun cinn agus shainaithin sí trí tháscaire sa bhreis.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>

Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

Tá fostaíocht na mban i gcónaí níos lú ná sprioc fostaíochta An Eoraip 2020

Le fada, tá ardú beag ar ráta fostaíochta na mban in AE agus faoi 2012 shroich sé ráta foriomlán de 59 %. Mar sin féin, d’fhan fostaíocht na mban laistiar de fhostaíocht na bhfear i ngach Ballstát. Roimh an ghéarchéim gheilleagrach, léiríodh an meath sa bharna fostaíochta idir na hinscní i dtreocht suas i bhfostaíocht na mban, ach



i ndiaidh 2007 léirigh sé an treocht síos i bhfostaíocht na bhfear. Is iad na réimsí fostaíochta a bhfuil ceannas ag na fir orthu is mó a bhuaíl an ghéarchéim.

Tá sé ábhartha comparáid a dhéanamh idir rátaí fostaíochta agus rátaí fostaíochta coibhéseacha lánaimseartha (FTE) i gcomhthéacs na sprice fostaíochta 75 % atá ag Straitéis An Eoraip 2020. Is lú na difríochtaí idir na fir ná na mná, nó tá fostaíocht pháirtaimseartha níos airde i measc na mban.

Tá níos mó ban ná fear in obair pháirtaimseartha i gcónaí

Tá fostaíocht pháirtaimseartha níos airde i measc na mban ná i measc na bhfear: in 2012 bhí cion na mban a bhí ag obair go páirtaimseartha (32 %) ar a laghad ceithre huairde níos mó ná cion na bhfear (8 %) in AE. Tá obair pháirtaimseartha leitheadach go háirithe san Ísiltír mar a bhfuil níos mó ná trí cheathrú de mhná fostaíthe ag obair go páirtaimseartha. I gceithre Bhallstát eile is mná iad tuairim ar 80 % d'fhostaithe páirtaimseartha. Bhí níos lú ná bean as deich de mhná fostaíthe ag


obair go páirtaimseartha i sé Bhallstát. Tá éifeachtaí fadtéarmacha ag obair pháirtaimseartha ar phá agus ionchais lena náirítear pinsin níos ísle agus baol níos airde na bochtaineachta.

Mar gheall ar mhná a bheith faoi mhíbhuntáiste de ghnáth i margadh an tsaothair is mó an seans go mbeidh máithreacha ag obair go páirtaimseartha ná aithreacha agus go dtitfidh freagrachtaí cúram leanaí orthu, agus mura nglacfaidh aithreacha ról níos gníomhaí i gcuid den fhreagracht a ghlacadh as cúram leanaí agus cleithiúnaithe eile, beidh cásanna éagothroime i gcónaí idir na hinscní rud a threiseoidh cásanna éagothroime pá.

Cuspóirí Barcelona ar son cúram leanaí foirmiúil nach bhfuil comhlíonta ag na Ballstáit

Is casta an éifeacht atá ag soláthar cúram leanaí ar fhostaíocht ban agus fós níl sé soiléir cén chaoi a bhfuil na socruithe faoi láthair do chúram leanaí leagtha amach chun tacú le fostaíocht a bheith ag an dá thuismitheoir. Leag Cruinniú Mullaigh Barcelona amach spriocanna gur chóir do chórais cúram leanaí 33 % clúdach a sholáthar

RÁTA FOSTAÍOCHTA DON CHOIBHÉIS LÁNAIMSEARtha AGUS RÁTA FOSTAÍOCHTA DON LÍON DAOINE IN AE-28, FIR AGUS MNÁ IDIR 15-64 BLIAIN D'AOIS, 2008 AGUS 2012



Foinse: Eurostat, EU-LFS

do leanaí faoi 3 bliana d'aois (comhlíonta ag naoi mBallstát faoi 2012); agus 90 % clúdach dóibh siúd a bhí trí bliana d'aois go dtí aois éigeantach scoile (comhlíonta ag aon Bhallstát déag faoi 2012). Orthu sin, chomhlíon sé Bhallstát an dá sprioc.

Is iad na haithreacha is minice a ghlacann saoire thuismitheoireachta, ach ag leibhéal éagsúla ar fud na mBallstát

Is féidir le dlíthe um shaoire thuismitheoireachta tacú le thuismitheoirí ar dhá dhóigh chomhlántacha: trí shaoire phostchosanta agus tacaíocht airgid a thabhairt le linn na saoire sin. Tá sonraí do 2010 ar fáil do sheacht

mBallstát déag ar an chion d'fhir fhostaithe ar shaoire thuismitheoireachta (a raibh leanaí níos óige ná 8 acu) agus bhí raon ann idir 0.5 % (CZ, ES, IT, HU, AT, PL) agus 11 % sa tSualainn. Orthu sin a bhí go fírinneach ar shaoire thuismitheoireachta in 2010, ba mhná iad beagnach 94 %.

Buanaíonn cásanna neamhionannais i margadh an tsaothair agus deighilt dealú idir na hinscní maidir le pá agus fostaíocht

Tá leithscaradh inscne, idir ingearach agus chothrománach, soiléir de réir earnáil fostaíochta agus de réir gairme/feidhm oibre. Is príomhthoisic i gcuid de na Ballstáit an neamhionannas idir mná agus fir a théann isteach in obair




pháirtaimseartha, rud a bhaineann leis an gclaonadh atá ag mná obair a nascadh le freagrachtaí cúraim. Is féidir mar sin dearcadh difriúil a bheith againn ar scileanna na mban agus scileanna na bhfear agus luach éagothrom a thabhairt dóibh. In 2012, ba é 16.5 % an bhearna phá idir na hinscní in AE, agus, i gcomparáid le rátaí ó 2007, bhí sí i ndiaidh titim i bhformhór na mBallstát.

Tá difear i rátaí agus tréithe féinfhostaíochta idir mná agus fir

Tá an fhéinfhostaíocht sainaitheanta mar rogha a bhfuil ar a cumas tacú le cothromaíocht idir obair agus saol, nó is féidir léi tuilleadh solúbthachta agus deiseanna a thabhairt le bheith ag obair ón bhaile agus costais cúram leanaí a laghdú. Mar sin b'fhéidir go sílfí gur ait an rud é go gcuireann níos lú ban ná fear a gnólachtaí féin ar bun ar fud AE. Le linn 2008-2012 ní raibh cion na mban féinfhostaithe den fhostaíocht iomlán ach ag 10 % le taobh 18 % d'fhir fhéinfhostaithe.

BEARNA PHÁ IDIR NA HINSCNÍ I BHFOIRM NACH BHFUIL COIGEARTAITHE IN %, 2012



Foinse: Eurostat, SES

Torthaí ar obair EIGE ar dheachleachtas

Ar Son Fáis — Éire

Cuireann Ar Son Fáis piarthacaíocht struchtúrtha ar fáil d'fhiontraithe mná atá dáiríre faoina ngnó a fhás, le meantóireacht agus treoir ó fhiontraithe tábhachtacha a bhfuil sárthaithe ghairmiúil acu. Le maoiniú ó Chiste Struchtúrtha na hEorpa, Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann agus Fiontraíocht Éireann, tá sé á fheidhmiú in Éirinn ó 2008. Tá sé thimthriall tionscanta go dtí seo agus ghlac os cionn 400 ban páirt ann. Den sé mhí den timthriall deireanach atá críochnaithe, (an 6ú timthriall), rinne 71 % de na rannpháirtithe méadú 15 % ar an meán ar a ndíolachán, tháinig méadú foriomlán 13 % ar fhostaíocht agus mhéadaigh líon na neaspórtálacha 22 %. Fostaíodh 88 fostaí nua agus tugadh conradh do 10 nintéarnach agus treisíodh os cionn 650 post atá bhí ann cheana. Bhí comhláimhdeachas de EUR 50 milliún ar a laghad ag an 58 rannpháirtí faoi dheireadh an timthrialla.

Deimhniú iniúchadh teaghlaigh in Trento, An Iodáil

Tiomsaíodh an Deimhniú Iniúchadh Teaghlaigh in 2008 ag Cúige Iodálach Trento trína Ghníomhaireacht um Beartais Teaghlaigh, Breithe agus Óige. Cuireadh tús leis an tionscadal réigiúnach in 2012. Tá an tiniúchadh teaghlaigh bunaithe ar mhodheolaíocht dheafhorbartha. Tar éis iniúchadh a dhéanamh, déanann gach eagraíocht Plean Cothromaíocht OibreSaoil Trí Bliana don Teaghlaigh a fhorbairt a bhfuil sé beartaithe ag an eagraíocht a fheidhmiú i sé réimse (eagrú oibre, cultúr cothromaíochta oibreteaghlaigh, cumarsáid, leasanna agus seirbhísí imeallacha, dúiche teaghlaigh, teicneolaíochtaí nua). Déanann luachálaí seachtrach faireachán ar a fheidhmíocht. Bhí 111 eagraíocht rannpháirteach go dtí seo sa phróiseas Iniúchadh Teaghlaigh, (44 poiblí, 67 príobháideach), agus bronnadh Deimhniú Iniúchadh Teaghlaigh ar 88, agus bhain 35 000 oibrí leas as. Tá líonra páirtithe leasmhara cruthaithe (ceardchumann, fostóirí, eagraíochtaí teaghlaigh agus shóisialta, eagraíochta taighde etc.) ag cabhrú le feasacht a chur chun cinn. Tá na heagraíochtaí deimhnithe liostaithe ar shuíomh gréasáin an iniúchadh teaghlaigh. Is iad an dá shochar is suntasáí folláine níos fearr d'fhostaithe agus méadú ar tháirgiúlacht.



DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE F: MNÁ AGUS AN GEILLEAGAR

DUL CHUN CINN	BAIC
<ul style="list-style-type: none"> Laghdaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní ar fud AE. D'ardaigh ráta gníomhaíocht eacnamaíochta na mban ainneoin na géarchéime geilleagraí domhanda. Laghdaigh an bhearna phá idir na hinscní i mbunús na mBallstát idir 2007 agus 2012. Mhéadaigh an rochtain ar chúram leanaí bliain i ndiaidh bliana trasna na mBallstát. 	<ul style="list-style-type: none"> Tá neamhionannais idir na hinscní agus deighilt i margadh an tsaothair i gcónaí. Caithfidh mná aghaidh a thabhairt ar bhearna phá leanúnach idir na hinscní i margadh an tsaothair, a bhfuil éifeacht láithreach aici ar an phá a thugann siad abhaile agus éifeacht fhadtéarmach ar a dteidlíochtaí leas sóisialta agus pinsin. Tá barraíocht ban i gcomórtas le fir i bhfostaíocht pháirtaimseartha, bíonn leithscaradh cothrománach idir na hinscní rompu agus is mó a chaithfidh siad aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ar ghannchuid deiseanna gairme.

An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Is den riachtanas i gcónaí a áirithiú go mbíonn rannpháirtíocht chothrom idir mná agus fir i margadh an tsaothair agus go dtéitear i ngleic le leithscaradh cothrománach agus ingearach idir gairmeacha. Ba chóir gur phríomthosaíocht é go mbeidh fáil ag mná ar fhostaíocht lánaimseartha.
- Tríd is tríd, tá tacaíocht de dhíth ar mhná a bhfuil leibhéil ísle scileanna agus cáilíochtaí acu lena suíomh i margadh an tsaothair a fheabhsú. Is leithne an bhearna idir na hinscní i gcúrsaí fostaíochta do dhaoine gan cáilíocht ar bith nó a bhfuil cáilíochtaí ísle acu. Ba chuidiú chun leibhéil scileanna a ardú bearta polasaí dírithe go sonrach ar ghrúpaí ban faoi mhíbhuntáiste agus orthu siúd a bhfuil an iomad míbhuntáiste rompu.
- Mar gheall ar rannpháirtíocht éagothrom i margadh an tsaothair, arb é is mó is cúis leis róionadaíocht ban i margadh an tsaothair agus ag leibhéil níos ísle gníomhaíochta, tá contúirt ann nach mbainfear amach sprioc fostaíochta Eoraip 2020. Mar sin de, is ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht chothrom ag mná agus fir i margadh an tsaothair.
- Caithfear an tiomantas do spriocanna Barcelona ar chúram leanaí a threisiú mar go bhfuil dlúthbhaint aige le spriocanna do chomhionannas idir na hinscní.
- Tá géarghá le beartais theaghlachchairdiúla a chur chun cinn agus bearta claochlaithe a thabharfadh dúshlán dháileadh éagothrom na dtascanna cúraim agus tí idir mná agus fir.
- Caithfear straitéisí le haghaidh chothromaíocht idir obair agus saol a chur chun cinn níos mó, go háirithe ós rud é go mbíonn dálaí eacnamaíochta ag cur tuilleadh brú ar oibrithe. Gan tionscnaimh nua a thacaíonn le cothromaíocht idir obair agus saol, ní dócha go socróidh fir ar an chothromaíocht freagrachtaí i dteaghlach a bhogadh.
- Is gá leanúint den obair leanúnach leis an mbearna phá idir na hinscní a laghdú.
- Dá mbeadh sonraí níos fearr ann ar phá is fearr a d'fheicfí na difríochtaí agus chabhródh sé chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní.
- Ní mór do rialtais agus comhpháirtithe sóisialta comhaontú ar íosphá d'fhonn an éifeacht ar mhná a mhaolú mar go bhfuil róionadaíocht acu i bpoist dá leithéid.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí incomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtas chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/eurogender

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:1 **MISSING**

MH-04-15-022-DE-N